An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta
Department of Business, Enterprise and Innovation

# Iarratas ar dhíolúine ó alt 4 den Acht Iomaíochta 2002 de réir ailt 15F den Acht Iomaíochta 2002 (mar a cuireadh isteach trí alt 2 den Acht Iomaíochta (Leasú) 2017)

## <u>*Nóta treorach maidir le comhlánú an fhoirm iarratais*</u>

**7 Meán Fómhair 2017**

## CUID A: AN FOIRM IARRATAIS A CHOMHLÁNÚ

### Réamheolas

Cuirtear an t-eolas seo ar fáil chun cabhrú le Ceardchumann foirm iarratais a chomhlánú agus a chur isteach faoin Acht Iomaíochta 2002, chun díolúine a lorg ó alt 4 den Acht i ndáil le haicmí áirithe oibrithe féinfhostaithe. Meastar iarratas ar bith a chuirtear isteach mar iarratas chuig an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta chun aicme oibrithe féinfhostaithe a leagan síos chun críche Coda 2B den Acht Iomaíochta 2002. Forálann alt 15E d'Acht na bliana 2002 nach mbeidh feidhm ag alt 4 den Acht i dtaobh cómhargála ná i dtaobh comhaontuithe maidir le catagóir ábhartha oibrí féinfhostaithe: áirítear air seo aicme d'oibrí féinfhostaithe bréagach nó oibrí féinfhostaithe lán-spleách a sonraítear in ordú a rinne an tAire faoi alt 15F den Acht sin.

Tá sé den tábhacht an t-eolas seo a léamh go cúramach sula gcomhlánaítear an fhoirm iarratais. Comhlánaigh gach cuid den bhfoirm. Mura ndéantar amhlaidh seolfar an fhoirm ar ais chuig an iarratasóir. Is féidir faisnéis a thabhairt ar leathanaigh ar leith más gá.

Ba chóir an nóta treorach seo a léamh i dteannta leis na hAchtanna Iomaíochta 2002 go 2017.

### Mionsonraí Ceardchumainn (cuid 1)

Ba chóir don gCeardchumann is iarrthóir mionsonraí faoin gCeardchumann (ainm, seoladh agus sonraí teagmhála) a chur faoi iamh.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go sonraítear ceardchumann in alt 15D den Acht Iomaíochta 2002 (mar a cuireadh isteach trí alt 2 den Acht Iomaíochta (Leasú) 2017) mar an bhrí céanna a bheith aige agus atá aige san Acht Caidrimh Thionscal 1946 (is é sin, ceardchumann atá i seilbh ceadúnas idirbheartaíochta a deonaíodh faoin Acht Ceardchumann, 1941 (Uimh 22 de 1941). Ba chóir fianaise a thabhairt san iarratas go bhfuil an ceadúnas seo cothrom le dáta tráth an iarratais a bheith á dhéanamh (m.sh. cóip den gceadúnas reatha sin a chur faoi iamh nó sonraí sealbhóir an cheadúnais a chur ar fáil, cosúil le huimhir an cheadúnais agus sonraí ábhartha eile).

### Sonraí oibrithe féinfhostaithe (cuid 2)

In alt 15D den Acht Iomaíochta 2002 (mar a cuireadh isteach trí alt 2 den Acht Iomaíochta (Leasú) 2017) sonraítear oibrithe féinfhostaithe bréagacha agus oibrithe féinfhostaithe lán-spleácha mar seo a leanas:

> *ciallaíonn **"oibrí féinfhostaithe bréagach"** duine a -*
>
> *(a) fheidhmíonn do dhuine eile ('duine eile') faoi chonradh (is cuma cé acu*

*sainráite nó intuigthe, ó bhéal nó i scríbhinn), an ghníomhaíocht nó an tseirbhís céanna agus a dhéanfadh fostaí an duine eile,*

*(b) a bhfuil caidrimh íochtaránachta aige i leith an duine eile i gcomhair tréimhse an chaidreamh conartha,*

*(c) a bhfuil air treoracha an duine eile a leanúint maidir le ham, áit agus ábhar a c(h)uid oibre,*

*(d) nach bhfuil cion aige i riosca tráchtála duine eile,*

*(e) nach bhfuil neamhspleáchas aige maidir le sceideal ama, áit ná modh a shocrú i ndáil leis na tascanna a shanntar dó nó di a chomhlíonadh, agus*

*(f) atá ina c(h)uid dhílis de ghó an duine eile i gcomhair tréimhse an chaidrimh chonartha.*

*ciallaíonn **"oibrí féinfhostaithe lán-spleách"** duine a*

*(a) dhéanann seirbhísí do dhuine eile (is cuma cé acu, an duine nó nach duine a fhostaíonn daoine eile é freisin an duine a ndéantar an tseirbhís dó) faoi chonradh (cibé acu, conradh sainráite nó intuigthe, agus más conradh sainráite é, is cuma an ó bhéal nó i scríbhinn), agus*

*(b) a ndíorthaítear a phríomh-ioncam i ndáil le feidhmiú na seirbhísí sin faoi chonradh ó bheirt nó níos lú ná beirt.*

Forálann alt 15F(2)(a) den Acht Iomaíochta 2002 (mar a cuireadh isteach trí alt 2 den Acht Iomaíochta (Leasú) 2017), le hiarratas faoi fho-alt (1) d'alt 15F den Acht,

*"go mbeidh fianaise ag gabháil chun a thaispeáint -*

*(a) go mbainfidh aicme an oibrí fhéinfhostaithe bhréagaigh nó oibrí fhéinfhostaithe lán-spleách arb é ábhar an iarratais é de réir mar is cuí, leis an sainmhíniú ar oibrí féinfhostaithe bréagach nó oibrí féinfhostaithe lán-spleách, de réir mar is cuí"*

I gcomhthéacs an dá ruda thuas caithfidh sonraí a bheith san áireamh leis an iarratas faoin aicme/ faoi na haicmí oibrithe féinfhostaithe atá clúdaithe ag an iarratas, mar aon le fianaise a thugann údar leis na haicmithe sin: moltar anailís mhionsonraithe idir eacnamaíoch agus dlí a chur san áireamh ina leithéid d'fhianaise chun tacú leis an aicmiú sin (is féidir an anailís dhlí a chur ar fáil trí chomhairle dhlí inmheánach don gCeardchumann is iarrthóir).

Ba chóir fianaise a thabhairt leis, chun déileáil leis an tsraith critéar atá leagtha amach sna sainmhínithe ar *"oibrí féinfhostaithe bréagach"* agus *"oibrí féinfhostaithe lán-spleách"* in alt 15D den Acht Iomaíochta 2002 (mar a cuireadh isteach trí alt 2 den Acht Iomaíochta (Leasú) 2017).

Ar na mionsonraí breise eile atá riachtanach áirítear fianaise gur baill den Cheardchumann is iarrthóir iad na hoibrithe uile a chlúdaítear san iarratas a bhfuil a gcuid dleachtanna íoctha ina n-iomláine tráth an iarratais.

Má bhaineann an t-iarratas le hoibrithe féinfhostaithe bréagacha agus oibrithe féinfhostaithe lán-spleácha araon, ní mór mionsonraí ar leith a thabhairt i dtaobh oibrithe féinfhostaithe bréagacha agus i dtaobh oibrithe féinfhostaithe lán-spleácha.

Moltar sonraí faoi líon na n-oibrithe atá clúdaithe san iarratas seo a chur ar fáil.

Tá sé den tábhacht a thabhairt faoi deara nach féidir leis an iarratas ach oibrithe féinfhostaithe a chlúdach ar baill den gCeardchumann is iarrthóir iad a bhfuil a gcuid dleachtanna íoctha ina n-iomláine. Ní féidir leis aon oibrithe féinfhostaithe eile a chlúdach ná ní féidir é a léirmhíniú mar iarratas a chlúdaíonn aon oibrithe féinfhostaithe eile.

**Sonraí an mhargaidh ina n-oibríonn na hoibrithe féinfhostaithe atá clúdaithe leis an iarratas (cuid 3)**

Forálann alt 15F(2)(b)(i) den Acht Iomaíochta 2002 (mar a cuireadh isteach trí alt 2 den Acht Iomaíochta (Leasú) 2017), le hiarratas faoi fho-alt (1) d'alt 15F den Acht,

> *"go mbeidh fianaise ag gabháil" chun a thaispeáint-*
>
> *(b) nach mbeidh, mar thoradh ar an aicme sin d'oibrí féinfhostaithe bréagach nó d'oibrí féinfhostaithe lán-spleách a leagan síos de réir mar is cuí-*
>
> > *(i) aon éifeacht eacnamaíoch nó nach mbeidh ach éifeacht eacnamaíoch fhíor-bheag ar an margadh ina n-oibríonn an aicme oibrí féinfhostaithe lena mbaineann,"*

Chuige seo ba chóir an t-eolas seo a leanas a bheith san iarratas ar a laghad:

- an táirge ábhartha é (i dtaca leis na hearraí agus na seirbhísí atá á dtairiscint) agus an margadh geografach nó na margaí geografacha ina n-oibríonn an aicme oibrithe féinfhostaithe bréagacha nó oibrithe féinfhostaithe lán-spleácha lena mbaineann an t-iarratas seo (lena n-áirítear, mar shampla, an earnáil tionscail nó na hearnála tionscail atá i gceist, an cineál táirgí nó seirbhísí a sholáthraítear agus raon geografach an mhargaidh, go háirithe cé acu an soláthraítear na táirgí nó na seirbhísí sa Stát, in Oileán na hÉireann, sa R.A., in áiteanna eile san AE, go domhanda, srl.);

- agus mionsonraí á dtabhairt ag an iarrthóir ar na gnóthais nó ar na cuideachtaí sa mhargadh seo, ba chóir don iarrthóir an méid seo a leanas a shainaithint:

(a) na gnóthais nó na cuideachtaí go léir atá gníomhach sa mhargadh/sna margaí a bhfuil cur-síos déanta orthu i bhfreagra an iarrthóra ar cheist 1 de chuid 3 den bhfoirm iarratais, a fhostaíonn oibrithe féinfhostaithe bréagacha nó oibrithe féinfhostaithe lán-spleácha sa Stát agus a bhféadfadh deonú díolúine de bhun an iarratais dul i bhfeidhm orthu;

(b) gnóthais nó cuideachtaí ar bith atá gníomhach ina leithéid de mhargadh/mhargaí lasmuigh den Stát a bhféadfadh deonú díolúine de bhun an iarratais dul i bhfeidhm orthu; agus

(c) cén cion den mhargadh/de na margaí ar a bhfuil cur-síos i bhfreagra an iarrthóra ar cheist 1 de chuid 3 den bhfoirm iarratais nach bhfuil clúdaithe ag an gcomhaontú a bhfuil an díolúine á lorg ina leith, is é sin, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil gnóthais nó cuideachtaí gníomhach ina leithéid de mhargadh/de mhargaí nach bhfuil clúdaithe ag an gcomhaontú; agus

- anailís eacnamaíoch mhionsonraithe chun tacú leis an seasamh (nach mbeidh díolúine ar bith ag dul i bhfeidhm ar an margadh sin nó nach mbeidh ach tionchar fíor-bheag aici air).

D'fhéadfadh anailís dhlí a bheith san áireamh san iarratas chun tacú leis an aicmiú thuas (d'fhéadfaí í seo a chur ar fáil trí chomhairle dhlí inmheánach don Cheardchumann is iarrthóir).

**Costas a thiteann ar an Stát (cuid 4)**

Forálann alt 15F(2)(b)(ii) den Acht Iomaíochta 2002 (mar a cuireadh isteach trí alt 2 den Acht Iomaíochta (Leasú) 2017), le hiarratas faoi fho-alt (1) d'alt 15F den Acht,

*"go mbeidh fianaise ag gabháil chun a thaispeáint-*

*(b) nach leanfaidh, as an aicme sin d'oibrí féinfhostaithe bréagach nó d'oibrí féinfhostaithe lán-spleách a leagan síos de réir mar is cuí-*

*(ii) go dtitfidh aon chostas suntasach ar an Stát ná go mbeidh a leithéid mar thoradh air,"*

Ba chóir don gCeardchumann is iarrthóir a dhearbhú cé acu an measann nó nach measann sé go leanfaidh as an iarratas go dtitfidh aon chostas suntasach ar an Stát nó go mbeidh a leithéid mar thoradh air, agus ba chóir dó anailís eacnamaíoch mhionsonraithe a chur ar fáil chun tacú leis an seasamh seo. Sa chomhthéacs seo ba chóir don gCeardchumann is iarrthóir meastachán a thabhairt ar an gcostas a d'fhéadfadh titim ar an Stát agus conas mar a

ríomhadh é: ba chóir an fhianaise sin a chur ar fáil fiú amháin más dóigh leis an gCeardchumann is iarrthóir nach costas *"suntasach"* é an costas a thitfidh ar an Stát.

**Baint le dlí iomaíochta (cuid 5)**

Forálann alt 15F(2)(b)(iii) den Acht Iomaíochta 2002 (mar a cuireadh isteach trí alt 2 den Acht Iomaíochta (Leasú) 2017), le hiarratas faoi fho-alt (1) d'alt 15F den Acht,

> *"mbeidh fianaise ag gabháil chun a thaispeáint-*
>
> *(b) nach sárófar, mar thoradh ar an aicme sin d'oibrí féinfhostaithe bréagach nó d'oibrí féinfhostaithe lán-spleách a leagan síos de réir mar is cuí-*
>
> > *(iii) riachtanais an Achta seo ná achtú ná riail an dlí ar bith eile (lena n-áirítear an dlí i ndáil leis an Aontas Eorpach) in aon tslí eile i ndáil leis an toirmeasc ar iomaíocht i dtrádáil earraí ná seirbhísí ar bith a chosc, a shrianadh nó a chlaonadh."*

Ba chóir fianaise a bheith san iarratas a chruthaíonn nach sáróidh díolúine ar bith (arb í ábhar an iarratais í) riachtanais an Acht Iomaíochta 2002 ná achtú ná riail an dlí ar bith eile (lena n-áirítear an dlí i ndáil leis an Aontas Eorpach) in aon tslí eile i ndáil leis an toirmeasc ar iomaíocht i dtrádáil earraí ná seirbhísí ar bith a chosc, a shrianadh nó a chlaonadh.

Ba chóir anailís dhlí a bheith san áireamh leis an bhfianaise sin chun tacú leis an bhfaisnéis sin (a d'fhéadfaí a chur ar fáil trí chomhairle dhlí inmheánach don Cheardchumann is iarrthóir).

Tá sé den tábhacht a chuimhneamh go bhfuil feidhm ag Airteagal 101 de Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (TFEU) i gcás gach comhaontaithe idir gnóthais, cinntí a dhéanann comhlachais de ghnóthais agus i gcás cleachtas comhbheartaithe *"a bhféadfadh éifeacht a bheith acu ar thrádáil idir Ballstáit".* Ní féidir leis an Aire aon díolúine a dheonú go dleathach atá á lorg de bhun iarratais a d'fhéadfadh cur isteach ar thrádáil idir Ballstáit agus dlí iomaíochta an AE a shárú dá thoradh.

Deirtear in Airteagail 101 an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

> *"1. Toirmisctear na cleachtais seo a leanas mar chleachtais nach luíonn leis an margadh inmheánach: gach comhaontú idir gnóthais, gach cinneadh ag comhlachais ghnóthas agus gach cleachtas comhbheartaithe a d'fhéadfadh dul i gcion ar an trádáil idir Ballstáit agus arb é a gcuspóir nó a n-éifeacht iomaíocht sa mhargadh inmheánach a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh, agus go háirithe iad siúd trína ndéantar:*
>
> > *(a) praghsanna ceannaithe nó díolta nó aon choinníollacha eile trádála a shocrú, go díreach nó go hindíreach;*

*(b) táirgeadh, margaí forbairt theicniúil, nó infheistiú a theorannú nó a rialú;*

*(c) margaí nó foinsí soláthair a pháirtiú;*

*(d) coinníollacha neamhionanna a chur chun feidhme ar idirbhearta comhionanna le páirtithe eile trádála sa dóigh go gcuirtear faoi mhíbhuntáiste iad san iomaíocht;*

*(e) chun go gcuirfear conarthaí i gcrích, é a chur de choinníoll go nglacfaidh na páirtithe eile le hoibleagáidí forlíontacha nach bhfuil baint ar bith acu, óna nádúr ná ó ghnás na tráchtála, le hábhar na gconarthaí sin.*

*2. Aon chomhaontuithe nó cinntí a thoirmiscfear de bhun an Airteagail seo beidh siad ar neamhní dá dhroim sin.*

*3. Féadfar, áfach, a dhearbhú nach mbainfidh forálacha mhír 1:*

*- le haon chomhaontú nó le haon chineál comhaontuithe idir gnóthais,*

*- le haon chinneadh nó le haon chineál cinntí ag comhlachais ghnóthas;*

*- le haon chleachtas comhbheartaithe nó le haon chineál cleachtas comhbheartaithe,*

*a chuidíonn le feabhas a thabhairt ar tháirgeadh nó dáileadh earraí nó leis an ascnamh teicniúil nó eacnamaíoch a chur chun cinn, agus cion cothrom den tairbhe uaidh sin a ligean le tomhaltóirí agus:*

*(a) nach gcuireann ar na gnóthais atá i gceist srianta nach bhfuil fíor-riachtanach chun na haidhmeanna sin a ghnóthú;*

*(b) nach dtugann do na gnóthais sin breith ar iomaíocht a dhíchur i gcás cuid mhór de na táirgí atá i gceist."*

**Leathanach dearbhaithe (cuid 6)**

Tá ar an gCeardchumann is iarrthóir an leathanach seo a chomhlánú agus síniú a chur leis chun a dheimhniú go bhfuil an fhaisnéis san iarratas ceart agus cothrom le dáta. Ba chóir duine ag leibhéal sinsearach sa Cheardchumann (leibhéal an Leas-Ardrúnaí nó a choibhéis) é seo a dhéanamh.

## CUID B: PRÓISEAS CHUN AN FHOIRM IARRATAIS A CHUR ISTEACH

Ar chúiseanna slándála agus cosaint sonraí ba chóir an fhoirm iarratais mar aon le ceangaltáin ar bith a chosaint le pasfhocal agus a chur isteach go leictreonach trí ríomhphost chuig conspol@dbei.gov.ie. Cuirtear "Iarratas faoin Acht Iomaíochta 2002 (mar a leasaíodh)" mar theideal leis. Ba chóir an pasfhocal chun an fhoirm iarratais a chosaint a sheoladh i ríomhphost ar leith chuig an Rannóg Beartas Iomaíochta agus Tomhaltóra, An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ag (conspol@dbei.gov.ie).

Tá sé den tábhacht an t-eolas seo a léamh go cúramach sula gcomhlánaítear an fhoirm. Comhlánaigh gach cuid den bhfoirm. Mura ndéantar amhlaidh seolfar an fhoirm ar ais chuig an iarratasóir.

Tabharfar admháil ar iarratas a fháil. A luaithe agus atá foirm iarratais curtha isteach déanfaidh Rannóg Beartas Iomaíochta agus Tomhaltóra na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta an fhaisnéis atá san iarratas a mheas. B'fhéidir go lorgóidh Rannóg Beartas Iomaíochta agus Tomhaltóra na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta tuilleadh soiléirithe ón gCeardchumann is iarrthóir nó b'fhéidir go lorgóidh sí soiléiriú ón gCeardchumann is iarrthóir ar an bhfhaisnéis atá san iarratas, más gá. D'fhéadfadh go lorgófaí an fhaisnéis nó an soiléiriú sin níos mó ná uair amháin má mheastar é seo a bheith riachtanach.

### Faisnéis atá íogair ó thaobh tráchtála de

Aithnítear go bhféadfadh faisnéis atá íogair ó thaobh tráchtála de a bheith i bhfoirm iarratais. Ba chóir don gCeardchumann is iarrthóir a chur in iúl tráth an iarratais cén chuid den bhfoirm iarratais go cruinn a mheasann sé a bheith íogair ó thaobh tráchtála de (ceachtar díobh, an fhoirm í féin nó aon litir chlúdaigh a ghabhann leis an bhfoirm iarratais).

### Riachtanais um chosaint sonraí

Meabhraítear don gCeardchumann is iarrthóir go mbeidh air, mar rialaitheoir sonraí, toiliú óna chuid ball a fháil chun sonraí áirithe a nochtadh don Roinn mar chuid den iarratas seo, d'fhonn a chuid dualgas faoin reachtaíocht cosanta sonraí a chomhlíonadh.

Cinnteoidh an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta go gcoinneoidh an Roinn na sonraí pearsanta go léir a chuireann an Ceardchumann is iarrthóir ar fáil i linn an phróiseas iarratais de réir a cuid oibleagáidí mar rialaitheoir sonraí faoin reachtaíocht cosanta sonraí.

**Doiciméid agus taifid tacaíochta a choinneáil**

Moltar do Cheardchumann is iarrthóir gach doiciméadú a bhaineann leis an iarratas a choinneáil chun bunús a thabhairt leis an bhfaisnéis atá curtha ar fáil san iarratas agus an fhaisnéis sin a chur ar fáil i gcomhair scrúdaithe le Rannóg Beartas Iomaíochta agus Tomhaltóra na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, má iarrtar é.

## CUID C: COMHAIRLIÚCHÁN AR IARRATAS

**Comhairliúchán le tríú páirtithe**

Forálann alt 15F(5) den Acht Iomaíochta 2002 (mar a cuireadh isteach trí alt 2 den Acht Iomaíochta (Leasú) 2017) go ndéanfaidh an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta comhairliú le hAirí Rialtais eile lena mbaineann nó le daoine nó comhlachtaí eile ar chóir dul i gcomhairle leo, i dtuairim an Aire.

Chuige seo meastar go ndéanfar an comhairliúchán sin, más cuí, le grúpaí fostóirí (lena n-áirítear comhlachtaí ar nós Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann, Gnóthais Bheaga agus Mheánacha na hÉireann agus Comhlachas na Mionghnólachtaí), leis an an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, le Coimisiún na hEorpa (AS Iomaíochais) agus le hAirí Rialtais agus/nó rialtóirí earnála eile. De bhreis air seo d'fhéadfaí dul i gcomhairle le fostóirí nó grúpaí earnála ar leith lena mbaineann. Chuige seo d'fhéadfadh go roinnfí an fhaisnéis atá leagtha amach san iarratas leo siúd a dtéitear i gcomhairle leo.

Lena chois sin, d'fhéadfadh go lorgódh Rannóg Beartas Iomaíochta agus Tomhaltóra na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta tuairimí trí phróiseas comhairliúcháin poiblí.

**An tAcht um Shaoráil Faisnéise**

Ba chóir d'iarrthóirí a bheith ar an eolas leis, go bhféadfaí aighneachtaí a nochtadh don Roinn mar fhreagra d'iarratais faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Ba chóir faisnéis ar bith a mheastar a bheith íogair ó thaobh tráchtála de a shainaithint go soiléir agus ba chóir an chúis atá lena híogaireacht a chur in iúl. Má fhaightear iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, rachaidh an Roinn i gcomhairle leis na hiarrthóirí faoin bhfaisnéis atá sainaitheanta mar íogair ó thaobh tráchtála de sula ndéanfaidh sí cinneadh faoin iarratas sin.